Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Bealtaine 2022**
**(OR. en)**

**9336/22**

**DEVGEN 100**
**ACP 60**
**RELEX 676**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 20 Bealtaine 2022 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8938/22 |
| Ábhar: | Comhpháirtíocht athnuaite an Aontais leis na Tíortha is Lú Forbairt - Conclúidí ón gComhairle (an 20 Bealtaine 2022) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le comhpháirtíocht athnuaite an Aontais leis na Tíortha is Lú Forbairt, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad ag an 3870ú cruinniú a bhí aici an 20 Bealtaine 2022.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le comhpháirtíocht athnuaite an Aontais leis na Tíortha is Lú Forbairt**

1. Tá rún daingean ag an Aontas agus ag na Ballstáit comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta uaillmhianacha a chur chun cinn agus tá siad tiomanta do réitigh iltaobhacha ar dhúshláin dhomhanda a aimsiú i gcomhpháirt leis na Tíortha is lú Forbairt (LDCanna), i gcomhréir leis an gComhdhearcadh nua Eorpach maidir le Forbairt, agus i bhfianaise na ndúshlán atá roimh na tíortha sin ó thaobh Clár Oibre 2030 agus na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) a bhaint amach, chomh maith le cuspóirí Chomhaontú Pháras. I ndáil leis sin, meabhraíonn an Chomhairle tiomantas an Aontais agus na mBallstát deireadh a chur leis an mbochtaineacht, deireadh a chur leis an ocras, leochaileachtaí a laghdú agus aghaidh a thabhairt ar neamhionannais d'fhonn a áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár.
2. I bhfianaise ghéarú na gcoimhlintí geopholaitiúla agus an iomaíocht dhomhanda mhéadaitheach, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir nach mór an t-iltaobhachas éifeachtach a neartú agus comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta inbhuanaithe a chur chun cinn i dteannta a chéile bunaithe ar luachanna comhroinnte, ar chearta an duine, ar an gcomhionannas inscne agus ar an urraim fhrithpháirteach. Is mór ag na tíortha is lú forbairt na comhpháirtithe geopholaitiúla chun domhan níos athléimní agus níos sábháilte a áirithiú, chomh maith le téarnamh domhanda inbhuanaithe agus cuimsitheach i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus ionsaí na Rúise ar an Úcráin. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún, ar SEGS, agus ar na Ballstáit freagairt do riachtanais shonracha na dtíortha is lú forbairt trí na comhpháirtíochtaí sin a chur chun feidhme go héifeachtach chun tacú le dlús a chur le cur chun feidhme na spriocanna forbartha inbhuanaithe.
3. Meabhraítear don Chomhairle go bhfuil Cúnamh Oifigiúil um Fhorbairt (ODA) fós ina fhoinse mhór maoinithe do na tíortha is boichte, go háirithe na tíortha is lú forbairt, nach bhfuil an cumas intíre acu airgeadas a thiomsú ó fhoinsí eile. Athdhearbhaíonn an tAontas agus na Ballstáit, mar an deontóir is mó ODA ar domhan, go bhfuil rún daingean acu an sprioc 0.20 % den ollioncam náisiúnta – ar príomhchuspóir de chuid Chlár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa é – a bhaint amach faoi 2030 go comhpháirteach ar son na dtíortha is lú forbairt. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá an chóir dhifreáilte a thugtar do na tíortha is lú forbairt agus is díol sásaimh di an t-athbhreithniú ar chritéir ghrádúcháin na dtíortha is lú forbairt, lena gcuirtear san áireamh na dúshláin ar leith a bhaineann leis na tíortha is lú forbairt thar ioncam *per capita*, lena n-áirítear sócmhainní daonna agus leochaileacht eacnamaíoch agus chomhshaoil.

4. Is díol sásaimh don Chomhairle go dtugtar gealltanas i gClár Gníomhaíochta Doha do na tíortha is lú forbairt 2022-2031, a glacadh i mí an Mhárta 2022, bearta nithiúla a dhéanamh chun tacú leis na tíortha is lú forbartha agus cuireann sí in iúl go láidir a thábhachtaí atá na gealltanais maidir lena chur chun feidhme a thug an t-Aontas agus na Ballstáit, bainc forbartha na hEorpa, agus na hinstitiúidí airgeadais. Tá sí ag tnúth leis an dara cuid den 5ú Comhdháil de chuid na Náisiún Aontaithe maidir leis na tíortha is lú forbairt atá beartaithe do 2023 agus iarrann sí go mbeadh toradh uaillmhianach ar an gcomhdháil sin. Ina theannta sin, meabhraítear don Chomhairle a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shonracha na dtíortha sin a imíonn as an gcatagóir LDC, chun próiseas inbhuanaithe rianúil aistrithe a áirithiú.

5. Meabhraítear don Chomhairle go bhfuil cur chuige an Aontais i leith comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta bunaithe ar mhaoiniú inbhuanaithe intuartha agus ar na prionsabail a bhaineann le comhar éifeachtach don fhorbairt, ar luachanna comhroinnte, agus ar an úsáid is fearr a bheith á baint as cur chuige Fhoireann na hEorpa. Molann an Chomhairle don Choimisiún, do SEGS, agus do na Ballstáit riachtanais shonracha na dtíortha is lú forbairt a áireamh i gcur chun feidhme comhpháirtíochtaí agus straitéisí réigiúnacha agus domhanda, ar bhonn próiseas cuimsitheach, prionsabal na húinéireachta, agus na leasanna comhroinnte. Den mheon sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún, ar SEGS, agus ar na Ballstáit obair leantach a dhéanamh ar na gealltanais a rinneadh ag an gcruinniú mullaigh idir an tAontas agus an tAontas Afracach sa Bhruiséil an 17 agus an 18 Feabhra 2022, agus ag fóram na nAirí AE-an Aigéin Chiúin i bPáras an 22 Feabhra 2022, agus ag tógáil ar *acquis* comhpháirtíochta ACC-AE.

6. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé aghaidh éifeachtach a thabhairt ar bhunchúiseanna agus ar phríomhchúiseanna na coinbhleachta agus na leochaileachta a mbíonn tionchar acu ar LDCanna go leor, lena n-áirítear éagothromaíochtaí, easpa dea-rialachais dhaonlathaigh agus smachta reachta, an t-athrú aeráide agus an sciob sceab a bhíonn ar acmhainní nádúrtha. Ós amhlaidh atá, cuireann an Chomhairle i dtreis freisin nach mór leanúint d’aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na himirce neamhrialta agus an easáitithe éigeantaigh. Léiríonn na dúshláin sin an ról lárnach a bhíonn ag cur chuige comhtháite inbhuanaithe a bhíonn bunaithe ar an nasc idir an daonnúlacht, an tsíocháin, agus an tábhacht a bhaineann le hanailísí coinbhleachta comhpháirteacha a dhéanamh. Tugann an Chomhairle dá haire go méadaíonn an bhochtaineacht agus an neamhionannas, go háirithe sna tíortha is lú forbairt, an baol go dtarlóidh coinbhleacht agus leochaileacht. I ndáil leis an méid sin, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a riachtanaí atá sé géarchéimeanna nua a chosc agus freagairt dóibh, an teacht aniar a chothú, chun dul i ngleic le tiomántóirí na leochaileachta, agus téarnamh cuimsitheach agus inbhuanaithe a chur chun cinn, i gcomhréir le cur chuige níos fearr agus níos glaise, faoi threoir na spriocanna forbartha inbhuanaithe, trí dhul i ngleic le gach cineál neamhionannais agus gan aon duine a fhágáil ar lár.

7. Tugann an Chomhairle dá haire, agus is cúis mhór imní di, an tionchar diúltach suntasach atá ag ionsaí na Rúise ar an Úcráin ar an tslándáil dhomhanda bia agus ar phraghsanna domhanda an bhia. Cuireann sé sin le drochstaid na slándála domhanda bia a d'eascair as paindéim COVID-19, an t-athrú aeráide agus dúshláin dhomhanda eile a bhfuil tionchar acu go háirithe ar na tíortha is lú forbairt agus ar na tíortha sin is mó atá ag brath ar sholáthairtí seachtracha bia, fuinnimh agus leasacháin, mar a chuir Grúpa Freagartha do Ghéarchéimeanna na Náisiún Aontaithe chun suntais. I ndáil leis an méid sin, athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil gá le comhordú tráthúil agus éifeachtach le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus le comhpháirtithe agus tionscnaimh ábhartha eile, amhail FAO agus gníomhaireachtaí eile atá bunaithe sa Róimh, Comhaontas Domhanda G7 maidir le Slándáil Bia agus an tionscnamh FARM, chun dlús a chur leis na hiarrachtaí idirnáisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní dhomhanda maidir le slándáil bia agus cothaithe. Cuireann an Chomhairle i dtábhacht nach mór go háirithe cumas táirgthe bia inbhuanaithe na dtíortha is lú forbairt féin a neartú, chomh maith lena slabhraí soláthair bia a éagsúlú, agus bacainní ar thrádáil oscailte i dtráchtearraí bia a theorannú. I gcomhréir leis an Teachtaireacht ó mhí an Mhárta 2022 dar teideal 'Slándáil bia a áirithiú agus athléimneacht na gcóras bia a neartú', leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do thíortha comhpháirtíochta, go háirithe na tíortha is leochailí, ar a n-aistear chuig córais bhia athléimneacha inbhuanaithe.

8. Cuireann an Chomhairle i dtábhacht leochaileacht mhór na dtíortha is lú forbairt maidir leis an athrú aeráide, cailliúint na bithéagsúlachta agus díghrádú comhshaoil, agus an ról suntasach a bhíonn acu maidir le cosaint na haeráide agus le caomhnú na bithéagsúlachta. I dtaca le Comhaontú Pháras agus le Comhaontú Glaschú maidir leis an Athrú Aeráide, aithníonn an Chomhairle riachtanais agus dúshláin shonracha na dtíortha is lú forbairt maidir le hoiriúnú don athrú aeráide agus maolú an athraithe aeráide. Ina theannta sin, is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn a rinneadh do na tíortha is lú forbairt ag COP 26 UNFCCC agus an obair a rinne IPCC le déanaí, amhail a rannchuidiú maidir le 'Tionchair, Oiriúnú agus Leochaileacht'. Iarrann sí go nglacfaí creat domhanda nua uaillmhianach don bhithéagsúlacht ag COP 15 den Choinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch, ag a mbeidh spriocanna soiléire agus córas láidir trédhearcach cur chun feidhme, a mbeidh acmhainní leordhóthanacha airgeadais agus neamhairgeadais ríthábhachtach do na tíortha is lú forbairt ag gabháil leis. Mar atá i dtíortha eile, ba cheart beartais sna tíortha is lú forbairt, beartais maidir le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta, oiriúnú don athrú aeráide, caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta, bainistiú comhtháite acmhainní uisce agus an comhrac i gcoinne díghrádú talún, dífhoraoisiú agus fairsingiú fásaigh, chomh maith le bearta maidir le hullmhacht i gcás tubaistí, a chur chun feidhme go comhtháite comhleanúnach chun athléimneacht i gcoinne athrú aeráide a chur chun cinn agus chun tacú le bainistiú inbhuanaithe an éiceachórais nádúrtha, mar atá léirithe ag Luasaire an Bhalla Ghlais Mhóir, mar shampla.

9. Tugann an Chomhairle dá haire, agus is cúis imní di, gur léirigh géarchéim COVID-19 go soiléir ardleochaileacht na dtíortha is lú forbairt i leith suaití seachtracha agus go raibh sí ina siocair le céim ar gcúl i leith na SFIanna a bhaint amach sna tíortha is lú forbairt, go háirithe maidir leis an bhforbairt dhaonna. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún, ar SEGS, agus ar na Ballstáit béim ar leith a leagan ar fhorbairt an duine i dtíortha is lú forbairt trí chur chuige iomlánaíoch a leanúint i réimsí na sláinte agus chearta an duine, slándáil bia agus cothú, oideachas, digitiú, rochtain ar chosaint shóisialta, agus cruthú post cuibhiúil. I ndáil leis sin, meabhraíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá cur chuige claochlaitheach lena dtugtar aghaidh ar bhunchúiseanna an neamhionannais inscne agus cuireann sí i dtreis go láidir freisin gur den ríthábhacht é an comhionannas inscne, cumhachtú na mban agus príomhshruthú inscne a chur chun cinn, agus aghaidh a thabhairt ar an il-idirdhealú a bhíonn os comhair daoine leochaileacha nó imeallaithe, i dtíortha is lú forbairt agus gur tosaíocht de chuid an Aontais é i ngach réimse gníomhaíochta. Meabhraítear don Chomhairle go bhfuil an tAontas fós tiomanta iarrachtaí agus gníomhaíochtaí breise a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfar cearta uile an duine a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh, Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising agus Clár Gníomhaíochta na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt (ICPD) a chur chun feidhme go héifeachtach agus go hiomlán, mar aon le pé toradh a bheidh ar a gcuid comhdhálacha athbhreithniúcháin, agus sa chomhthéacs sin, leanann an tAontas de bheith tiomanta do shláinte ghnéis agus sláinte atáirgthe agus na cearta a bhaineann leo (SRHR). Á choimeád sin i gcuimhne dó, athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil a thiomantas do chur chun cinn, cosaint agus comhlíonadh cheart gach duine chun smacht iomlán a bheith acu ar ábhair a bhaineann lena ngnéasacht agus lena sláinte ghnéis agus atáirgthe, saor ó idirdhealú, ó chomhéigean agus ó fhoréigean, agus saor chun cinneadh a dhéanamh gan bhac agus ar bhealach freagrach ina leith sin. Is mian leis an Aontas a chur i bhfios an athuair go dteastaíonn rochtain uilíoch ar fhaisnéis faoin tsláinte ghnéis agus atáirgthe , ar oideachas (lena n-áirítear oideachas cuimsitheach gnéasachta) agus ar sheirbhísí cúraim sláinte a bheidh ar ardchaighdeáin, inacmhainne agus cuimsitheach.

10. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún, ar SEGS, agus ar na Ballstáit tuilleadh tacaíochta a thabhairt chun cumais na gcóras sláinte agus na mbonneagar poiblí a neartú sna tíortha is lú forbairt d'fhonn clúdach sláinte uilíoch a bhaint amach. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar chreataí rialála agus ar acmhainneacht táirgeachta cógaisíochta, agus rochtain ar uisce, sláintíocht agus sláinteachas (WASH) agus ar sheirbhísí sláinte bunúsacha a fheabhsú. Maidir leis sin, cuireann an Chomhairle chun suntais na tionscnaimh de chuid Fhoireann na hEorpa a forbraíodh san Afraic, lena gcumhdaítear mar shampla an tslándáil sláinte, agus cosc, ullmhacht agus freagairt i ndáil le paindéimí, an tsláinte dhigiteach, táirgeadh vacsaíní agus rochtain orthu, cógais agus teicneolaíochtaí a bhaineann le táirgí sláinte, agus tacaíocht d'institiúidí sláinte poiblí.

11. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé na córais oideachais sna tíortha is lú forbairt chun rochtain chothrom, chuimsitheach ar an oideachas ardchaighdeáin a chur ar fáil do chách, agus béim ar leith a leagan ar chailíní agus ar mhná óga, ar dhaoine faoi mhíchumas agus orthu siúd atá sna cásanna is leochailí. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá aird ar leith a thabhairt ar na haistí bia a bhíonn de dhíth ar pháistí agus déagóirí chun fás agus chun a bpoitéinseal forbartha iomlán a bhaint amach, lena n-áirítear trí chláir sláinte agus cothaithe scoile. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá daoine óga agus todhchaí a dtíortha á múnlú acu chomh maith leis an ngá atá ann ionchais a chur ar fáil dóibh don todhchaí atá bunaithe ar fhorbairt scileanna agus ar chomhtháthú níos fearr i gcomhréir le riachtanais an mhargaidh saothair áitiúil. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún, ar SEGS agus ar na Ballstáit tacú le fothú acmhainní don oideachas bunúsach agus meánscoile, don oideachas teicniúil agus don ghairmoideachas agus don ghairmoiliúint (TVET), mar aon le hinstitiúidí ardoideachais agus taighde sna tíortha is lú forbairt. I ndáil leis an méid sin, cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé go mbeadh taighdeoirí ó na tíortha is lú forbairt rannpháirteach i bpróiseas machnaimh athnuaite maidir leis na dúshláin tírshonracha agus réigiún-sonracha agus maidir leis na hionstraimí iomchuí chun aghaidh a thabhairt orthu.

12. Molann an Chomhairle don Choimisiún, do SEGS, agus do na Ballstáit leanúint dá n-iarrachtaí chun cumais inginiúla gheilleagair na dtíortha is lú forbairt a neartú, trí fhorbairt inbhuanaithe, trádáil agus geilleagair níos athléimní a chur chun cinn, lena n-áirítear trí athchóirithe struchtúracha lena ndíreofar go háirithe ar shlógadh acmhainní intíre a neartú, ar bhainistíocht airgeadais phoiblí, ar dhea-rialachas agus ar na cúinsí a fheabhsú i ndáil le forbairt na hearnála príobháidí agus le hinfheistíocht dhíreach choigríche, chomh maith le hiompar freagrach gnó agus caighdeáin díchill chuí go háitiúil. Aithníonn an Chomhairle ról na tacaíochta buiséadaí agus an fhothaithe acmhainneachta, lena n-áirítear Saineolas na hEarnála Poiblí Eorpaí agus comhpháirtíochtaí piaraí chun na cuspóirí sin a bhaint amach, nuair is féidir leo. Cuireann an Chomhairle chun suntais leochaileachtaí struchtúracha an mhargaidh saothair sna tíortha is lú forbairt agus tionchar phaindéim COVID-19 ar tháirgeacht agus ar tháirgiúlacht, agus cuireann sí i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé tacú leis an bhfostaíocht agus leis an obair chuibhiúil mar aon le hinstitiúidí an mhargaidh saothair a neartú. Ina theannta sin, iarrann an Chomhairle go ndéanfaí an 'Creat Comhchoiteann um Chóireáil Fiachais lasmuigh de DSSI' a chur chun feidhme go tráthúil comhordaithe trédhearcach mar aon leis an tionscnamh a bhaineann le Cearta Tarraingthe Speisialta a threorú go deonach nó airgeadraí is inúsáidte go héasca as na Ballstáit agus as tíortha eile a bhfuil seasamh láidir seachtrach acu chuig tíortha leochaileacha d’fhonn tacú lena dtéarnamh.

13. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún, ar SEGS, agus ar na Ballstáit obair leantach a dhéanamh maidir le cuspóirí na Tairsí Domhanda chun infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha i nascacht inbhuanaithe agus i mbonneagar cáilíochta a éascú, bunaithe ar na riachtanais agus na deiseanna atá ag geilleagair agus pobail áitiúla agus réigiúnacha, mar a shainaithnítear sin san idirphlé le tíortha comhpháirtíochta, agus ar leasanna straitéiseacha an Aontais chomh maith. Iarrann an Chomhairle freisin ar an gCoimisiún, i gcomhar le SEGS, mar aon leis na Ballstáit agus bainc forbartha agus institiúidí airgeadais de chuid na hEorpa, an méid seo a leanas a dhéanamh:

- féachaint ar chúnamh teicniúil a chur ar fáil do na tíortha is lú forbairt, trí chur chuige Fhoireann na hEorpa a leanúint i gcás inar féidir, chun tacú le tionscadail inbhuanaithe agus iontaofa ó thaobh brabúis de a fhorbairt agus le timpeallacht a chruthú a chabhródh le maoiniú agus infheistíocht inbhuanaithe a mhéadú;

- féachaint ar bhealaí le maoiniú nuálach cuimsitheach a dhéanamh chun caipiteal príobháideach a shlógadh do na tíortha is lú forbairt, agus na dea-chleachtais atá ann cheana agus na tionscnaimh idirnáisiúnta a bhaineann leo á gcur san áireamh, lena n-áirítear Comhpháirtíocht G7 le haghaidh Bonneagair agus Infheistíochta.

Ba cheart tionscadail nascachta a phleanáil agus a chur chun feidhme de réir na gcaighdeán sóisialta, eacnamaíoch agus comhshaoil is airde.

14. Aithníonn an Chomhairle freisin an ról lárnach atá ag na húdaráis áitiúla agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta san fhorbairt chuimsitheach agus inbhuanaithe mar ghníomhaithe neamhspleácha an rialachais agus na forbartha ina gceart féin agus mar chomhpháirtithe cur chun feidhme. Cuireann an Chomhairle in iúl gur cúis imní di an cúngú atá á dhéanamh ar an spás don tsochaí shibhialta agus cuireann sí i bhfios a thábhachtaí atá sé spás sibhialta don tsochaí shibhialta a chosaint agus a chur chun cinn in a lán de na tíortha is lú forbairt. Is uirlisí ábhartha freisin iad an comhar díláraithe agus Saineolas na hEarnála Poiblí do bheartas comhair Eorpaigh le tíortha is lú forbairt, lena neartaítear na hacmhainneachtaí institiúideacha agus lena gcomhdhlúthaítear an fhorbairt eacnamaíoch áitiúil agus rialachas áitiúil.

15. Molann an Chomhairle don Choimisiún, do SEGS, agus do na Ballstáit leas a bhaint as cur chuige Fhoireann na hEorpa i ndáil le comhar méadaithe le tíortha is lú forbairt agus i gcur chun feidhme na hIonstraime um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta, NDICI-Global Europe. Faoin gcur chuige nua iomlánaíoch cuimsitheach sin, ba cheart leas a bhaint as gach uirlis dá bhfuil ar fáil do na tíortha is lú forbairt, go háirithe Tionscnaimh Fhoireann na hEorpa agus ionstraimí san ollstruchtúr airgeadais Eorpach don fhorbairt, amhail an Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe Plus (CEFI+), trí ról méadaithe a thabhairt do bhainc forbartha agus d'institiúidí airgeadais na hEorpa, lena n-áirítear an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) agus an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha (BEAF), agus i gcomhar le bainc áitiúla agus réigiúnacha chomh maith le gníomhaithe idirnáisiúnta eile. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar na dúshláin shonracha a bhaineann leis na módúlachtaí agus na hionstraimí i dtíortha is lú forbairt a oibríochtú, go háirithe staid na leochaileachta, na coinbhleachta nó na hiarchoinbhleachta.

16. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé cur le comhleanúnachas agus le hinfheictheacht chomhpháirtíocht an Aontais leis na tíortha is lú forbairt, de réir chur chuige Fhoirne na hEorpa, agus straitéis na Tairsí Domhanda a úsáid mar shampla, agus tugann sí dá haire gur gá straitéis chumarsáide chomhordaithe a shaothrú chun an bhréagaisnéis a chomhrac. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún, ar SEGS, ar BEI, ar BEAF agus ar na Ballstáit cumarsáid éifeachtach agus caidreamh taidhleoireachta a áirithiú maidir leis na hiarrachtaí comhpháirteacha a dhéanann an tAontas i dtaca le cur chuige Fhoireann na hEorpa, lena n-áirítear trí chomhordú idir Toscaireachtaí an Aontais agus na Ballstáit.

---